# Fógra maidir le ráta an chúlchiste fhritimthriallaigh

*05/07/2018*

## Fógra maidir leis an ráta

D'fhógair an Banc Ceannais inniu go méadófar ráta an chúlchiste fhritimthriallaigh (CCyB) ar risíochtaí Éireannacha ó nialas faoin gcéad go dtí aon faoin gcéad le héifeacht ón 5 Iúil 2019.

Measann an Banc Ceannais go bhfuil ráta aon faoin gcéad i gcomhréir lena chuspóir chun stóinseacht a chur chun cinn san earnáil baincéireachta.[1] Trí ráta CCyB a ardú ag an bpointe seo, teastaíonn ón mBanc Ceannais an earnáil baincéireachta a chosaint ar chaillteanais ionchasacha a bhaineann le carnadh riosca shistéamaigh thimthriallaigh agus, ar an gcaoi sin, tacú le soláthar inmharthana creidmheasa chuig an bhfíorgheilleagar le linn an timthrialla airgeadais.

Tríd an ráta a shocrú ag aon faoin gcéad, aithnítear risíocht agus soghabháltacht gheilleagar na hÉireann i leith cor chun donais nó teacht chun cinn riosca sistéamach timthriallach a d'fhéadfadh eascairt as turraing sheachtrach. Léiríonn an cinneadh freisin an iarmhairt ionchasach theoranta ar an timpeallacht chreidmheasa agus ar an bhfíorgheilleagar ag an bpointe seo.[2]

Agus measúnú á dhéanamh ar ráta iomchuí CCyB ag an bpointe seo, cuireadh an méid seo a leanas san áireamh:

Dar leis an mBanc Ceannais gurb é príomhchuspóir CCyB stóinseacht na hearnála baincéireachta i leith riosca sistéamach a chur chun cinn. Chuige seo, ní mór an cúlchiste a mhéadú sula dtiocfaidh riosca sistéamach/strus airgeadais chun cinn d'fhonn tacú le soláthar creidmheasa tríd an gcúlchiste a scaoileadh ina dhiaidh sin le linn cor chun donais. I gcomhréir leis an gcuspóir seo agus ag cur íogaireacht thimpeallacht mhacra-airgeadais na hÉireann san áireamh, tá sé i gceist ag an mBanc Ceannais ráta dearfach CCyB a chothabháil nuair a bheidh conair inmharthana ann ó thaobh táscairí a bhaineann le riosca sistéamach timthriallach.

- Tá fás láidir tagtha ar an ngeilleagar intíre le blianta beaga anuas agus tá sé ag druidim i dtreo teorainneacha acmhainneachta. Chonacthas téarnamh suntasach freisin ar luachanna sócmhainní in earnálacha na réadmhaoine tráchtala agus cónaithe.
- I bhfianaise ardluaineacht gheilleagar na hÉireann, tá an fhéidearthacht ann go dtiocfaidh cor chun donais suntasach i ndiaidh tréimhsí fáis láidir eacnamaíoch. Thairis sin, le hardleibhéal an fhéichiúnais theaghlaigh na hÉireann agus le hiarmharach iasachtaí neamhthuillmheacha ar chláir chomhardaithe na mbanc, méadaítear leochaileacht chóras macra-airgeadais na hÉireann d'aon aisiompú timthriallach.
- Tugtar le tuiscint ó shamhlacha luachála go bhfuil maolú tagtha ar mhí-ailíniú praghsanna tithe le ráithí beaga anuas, sa mhéid go bhfuil praghsanna tithe ardaithe ó bheith faoi bhun na bpraghsanna a bheifí ag súil leo i bhfianaise forbairtí maicreacnamaíocha go dtí praghsanna

[1] Féach Measuring and mitigating cyclical systemic risk in Ireland: The application of the countercyclical capital buffer, Financial Stability Notes, 2018, No.4 le haghaidh forbhreathnú ar chur chuige ardleibhéil an Bhainc Ceannais maidir leis an CCyB.

[2] Féach Using the Countercyclical Capital Buffer: Insights from a structural model, Economic Letter, Vol. 2018, No.7

atá ag teacht, a bheag nó a mhór, le buntosca eacnamaíocha. Dá réir sin, tá riosca timthriallach ann go sáróidh praghsanna tithe luachanna bunúsacha, ar riosca é atá níos treise anois ná mar a bhí le blianta beaga anuas.

- Cé go bhfuil an bhearna shonrach náisiúnta chreidmheasa diúltach i gcónaí, tá sí ag laghdú agus tá sí ar chonair aníos. Leis na réamhthorthaí ó bhearna mhalartach náisiúnta chreidmheasa-le-OIN*, i gcás ina múnlaítear an cóimheas creidmheasa-le-OIN* le cur chuige leath-struchtúrtha, léirítear go bhfuil an bhearna ag dul ar ais i dtreo nialais ar luas níos suntasaí.[3] Is beag fiúntas a bhaineann leis na tomhais go léir ar bhearna chreidmheasa i gcás na hÉireann mar gheall ar an iarmhairt a bhí ag an mbolgán creidmheasa i lár na 2000idí ar thomhais staidrimh ar threochtaí creidmheasa.
- Tháinig deireadh le míonna beaga anuas ar an gcrapadh marthanach ar chreidmheas a bhí le feiceáil le leathscor bliain roimhe sin. Cé go bhfuil an fás comhiomlán ar chreidmheas gar do nialas, tá fás dearfach ar iasachtaí tithíoctha, ar iasachtaí do thomhaltóirí agus ar iasachtaí d'fhiontair mhóra doiléir mar gheall ar an díghiaráil leanúnach in earnáil FBM agus in earnáil ceannach le ligean ar cíos.
- Leanann an fás láidir ar iasachtaí nua morgáiste. I dtaighde a foilsíodh le déanaí, tugadh le tuiscint go raibh cóimheas na n-iasachtaí nua morgáiste le hioncam indiúscartha teaghlaigh in Éirinn ag teacht, a bheag nó a mhór, le príomhthosca struchtúrtha i ngeilleagar na hÉireann ag deireadh 2017.[4] Ar a shon sin, dá mbeadh luasghéarú suntasach ar iasachtú nua, mhéadófaí an riosca timthriallach go sáródh soláthar creidmheasa morgáiste a chonair fhadtréimhseach treochta.
- Tacaíonn réamhthaighde atá déanta ag Banc Ceannais na hÉireann leis an dearcadh go bhféadfaidh go méadóidh na caighdeáin nua cuntasaíochta (IRFS9) comh-thimthriallacht an tsoláthair, rud a threisíonn an tábhacht a bhaineann le húsáid ghníomhach a bhaint as an gcúlchiste fritimthriallach.
- Le calabrú ráta CCyB, cuirtear san áireamh an spás reatha atá ann i gcaipiteal na hearnála baincéireachta.

Le gníomhachtú CCyB, comhlánaítear oibriú na mbeart morgáiste bunaithe ar iasachtaithe atá i bhfeidhm in Éirinn, trí iarmhairt riosca in iasachtú neamh-mhorgáiste a mhaolú.

## Táscairí maidir le Bearna Chreidmheasa

Is ionann ráta tagarmharcála CCyB agus nialas faoin gcéad. Le linn dó ráta CCyB a shocrú, ní mór don Bhanc Ceannais aon imeacht sa chóimheas creidmheasa-le-OTI óna leibhéal treochta a chur san áireamh, tomhas ar a dtugtar an bhearna chreidmheasa. Léiríonn réimse táscairí bearna creidmheasa a ndearna an Banc Ceannais anailís orthu go bhfuil an bhearna reatha diúltach. Sa chur chuige sonrach

[3] Féach Measuring and mitigating cyclical systemic risk in Ireland: The application of the countercyclical capital buffer, Financial Stability Notes, 2018, No.4 le haghaidh tuilleadh sonraí maidir leis an mbearna mhalartach chreidmheasa seo.
[4] Féach, Keenan & O'Brien (2018)

náisiúnta a léirítear i dTábla 1, úsáidtear sonraí a fhreagraíonn níos fearr don gheilleagar intíre ná an cur chuige caighdeánaithe.[5]

Is beag an fiúntas a bhaineann leis an mbearna chreidmheasa i gcomhthéacs na hÉireann, ó tharla go mbíonn tomhais ar chreidmheas treochta á saobhadh ag an mborradh neamh-inmharthana creidmheasa a tharla i lár na 2000idí.

**Tábla 1: Bearna Chreidmheasa agus ráta tagarmharcála CCyB (bunaithe ar shonraí a bhaineann le R42017)**

| | | Cur Chuige Caighdeánaithe | Cur Chuige Sonrach Náisiúnta | Cur Chuige Náisiúnta Malartach (samhail-bhunaithe) |
|---|---|---|---|---|
| *A* | Cóimheas | 249 faoin gcéad | 91 faoin gcéad | 91 faoin gcéad |
| *B* | Treocht | 336 faoin gcéad | 168 faoin gcéad | 121 faoin gcéad |
| *C* | **Bearna Chreidmheasa** *(=A-B)* | -87 faoin gcéad | -77 faoin gcéad | -30 faoin gcéad |
| | **Ráta Tagarmharcála CCyB** | 0 faoin gcéad | 0 faoin gcéad | |
| | | | | |
| | **Δ bearna chreidmheasa ón log i leith** | NA | 12pps | 41pps |

## Cómhalartacht

I gcomhthéacs rátaí ábhartha CCyB a bheith curtha i bhfeidhm ag institiúidí Éireannacha ar risíochtaí i ndlínsí eile, tá rátaí dearfach CCyB fógartha ag roinnt údaráis Eorpacha. Léirítear iad seo i dTábla 2 thíos.[6]

**Tábla 2: Ráta dearfach CCyB á shocrú san Eoraip**

| Tír | Ráta reatha is infheidhme | Dáta cur chun feidhme | Ráta CCyB ar feitheamh | Dáta cur chun feidhme ar feitheamh |
|---|---|---|---|---|
| Ríocht Aontaithe | 0.50% | 27 Meitheamh 2017 | 1.00% | 28 Samhain 2018 |
| An tSlóvaic | 0.50% | 1 Lúnasa 2017 | 1.25% | 1 Lúnasa 2018 |
| An Liotuáin | 0.00% | 30 Meitheamh 2015 | 0.50% | 31 Nollaig 2018 |
| Poblacht na Seice | 1.00% | 1 Iúil 2018 | 1.50% | 1 Iúil 2019 |
| An Íoslainn | 1.25% | 1 Samhain 2017 | 1.75% | 15 Bealtaine 2019 |
| An Iorua | 2.00% | 31 Nollaig 2017 | | |
| An tSualainn | 2.00% | 19 Márta 2017 | | |

[5] Déantar an bhearna chaighdeánaithe chreidmheasa a ríomh i gcomhréir le Moladh 2014/1 ó BERS agus tá sé bunaithe ar thomhas leathan ar chreidmheas. In Éirinn, bíonn iarmhairt mhór ag saincheisteanna bhaineann le fiontair ilnáisiúnta, mar a phléitear sa Tuarascáil ón nGrúpa um Athbhreithniú Staidrimh Eacnamaíoch, ar na sonraí sin. Féachann an cur chuige sonrach náisiúnta le coigeartú a dhéanamh ina leith sin trí úsaid a bhaint as sonraí a fhreagraíonn níos fearr don gheilleagar eacnamaíoch intíre, agus trí leas a bhaint as tomhas ar chreidmheas agus ar OIN* a dhíríonn níos mó ar chúrsaí intíre.
[6] Tá tuilleadh faisnéise le fáil ar suiomh gréasáin BERS.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An Fhrainc | 0.00% | 30 Nollaig 2015 | 0.25% | 1 Iúil 2019 |

I gcás tríú tíortha atá ábhartha ó thaobh peirspictíocht na hÉireann de, is ionann ráta CCyB sna Stáit Aontaithe agus nialas faoin gcéad freisin.

## Tuilleadh Eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach ar an gcuid de shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais a bhaineann leis an mBeartas Macrastuamachta.